# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eolaíocht

# Leibhéal Comónta

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Treoirlínte do Scrúdaitheoirí**

**1.** In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí sa scéim mharcála. Tá faisnéis agus smaointe sna pointí seo a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.

**2.** Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe i scéim mharcála uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha eile atá bailí.

**3.** Is malairtí iad na focail, nathanna nó abairtí a gcuirtear soladas (/) eatarthu agus an glacadh céanna le haon cheann acu maidir le pointe ar leith. Tabhair ar aird, áfach, nach mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs.

**4.** **Freagraí cealaithe nó athráite**

a. Má thugtar freagra gearr, má chuirtear freagra ar ceal agus má thugtar freagra eile, glactar leis an gcealú agus bronntar marcanna ar an leagan neamhchealaithe.

b. Má thugtar níos mó ná an líon freagraí neamhchealaithe a theastaíonn, cuireann freagraí breise míchearta na marcanna a bronnadh ar fhreagraí cearta ar ceal. (Tabharfar samplaí de seo i rith na comhdhála marcála.)

c. Má chuirtear ar ceal an t-aon fhreagra a thugtar, déan neamhaird den chealú agus marcáil an freagra mar is gnáth.

**5.** **Marc nialas a thaifeadadh agus "Gan Fhreagra" (NR) a thaifeadadh**

Níor cheart nialas a thaifeadadh ach amháin nuair a rinne an t-iarrthóir iarracht an cheist a fhreagairt ach nach bhfuil marcanna tuillte aige.

Mura ndéanann an t-iarrthóir iarracht ceist (nó cuid de cheist) a fhreagairt ba cheart do scrúdaitheoirí NR a thaifeadadh.


**6.** **An scéim mharcála a chur i bhfeidhm**

Cuir an scéim mharcála i bhfeidhm mar a aontaíodh i ngach cás.

**7.** **Anótáil leictreonach freagraí**

Ba cheart go gcuirfeadh anótálacha ar chumas do Scrúdaitheoir Comhairleach an marc a bhronn tú a thuiscint. Táthar ag súil go ndéanfaidh scrúdaitheoirí anótáil ar chodanna de fhreagraí mar a threoraítear ag an gcomhdháil mharcála. (Féach **Eolaíocht SS 2019 – Anótálacha** thíos.)

**Eolaíocht SS 2019 – Anótálacha**

| Siombail | Ainmnigh | Úsáid |
|---|---|---|
| # | Hais (Réalta) | Le tabhairt faoi deara |
| ✗ | Crosáil | Eilimint mhícheart |
| ✔ | Tic | Eilimint cheart |
| [ | Lúibín Chlé | Chun ceann de roinnt iarrachtaí ar fhreagra a shainaithint agus a dheighilt |
| ] | Lúibín Dheis | |
|  | Líne chorrach chothrománach (earráid) | Earráid |
|  | Líne chorrach cheartingearach (leathanach breise) | Leathanach breise (ag íochtar an leathanaigh) |

**8. Bónas don Ghaeilge**

Tabharfar marcanna bónais ag ráta 10% de na marcanna a ghnóthaítear in S26T d'iarrthóir a fhreagraíonn na ceisteanna S26T go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn 75% nó níos lú ná de na marcanna iomlána atá ar fáil in S26T (i.e. 270 marc nó níos lú). Agus an bónas sin á ríomh stántar síos, ní suas, deachúlacha i gcónaí, m.sh. athraíonn 4.5 go 4; athraíonn 4.9 go 4, etc. Níl aon bhónas i gceist leis an Tasc Measúnachta. Féach thíos maidir le nuair a bhronntar níos mó ná 270 marc ar iarrthóir in S26T.

**Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge – Eolaíocht SS 2019**

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

*Tábla 360 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 360 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 270 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 271 - 273 | 26 |
| 274 - 276 | 25 |
| 277 - 280 | 24 |
| 281 - 283 | 23 |
| 284 - 286 | 22 |
| 287 - 290 | 21 |
| 291 - 293 | 20 |
| 294 - 296 | 19 |
| 297 - 300 | 18 |
| 301 - 303 | 17 |
| 304 - 306 | 16 |
| 307 - 310 | 15 |
| 311 - 313 | 14 |
| 314 - 316 | 13 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 317 – 320 | 12 |
| 321 – 323 | 11 |
| 324 – 326 | 10 |
| 327 – 330 | 9 |
| 331 – 333 | 8 |
| 334 – 336 | 7 |
| 337 – 340 | 6 |
| 341 – 343 | 5 |
| 344 – 346 | 4 |
| 347 – 350 | 3 |
| 351 – 353 | 2 |
| 354 – 356 | 1 |
| 357 – 360 | 0 |
| | |

**Scéim Mharcála Eolaíocht SS 2019**

**S26 Roinn A**


| **C1** | | | **Marcanna** | |
|---|---|---|---|---|
| (a) | Núicléas | | 3 | **9** |
| | Cíteaplasma | | 3 | |
| | (Cill) scannán | | 3 | |
| (b) | Núicléas | | | **3** |
| (c) | Micreascóp | | | **3** |

| **C2** | | **Marcanna** | |
|---|---|---|---|
| (a) | 64 | | **3** |
| (b) | 2 | 3 | **6** |
| | <u>Aonaid</u>: $g/cm^3$ | 3 | |
| (c) | C | 3 | **6** |
| | <u>Fáth</u>: titeann sé síos níos mó / an ceann is ísle / ag an íochtar | 3 | |

| **C3** | | | **Marcanna** | |
|---|---|---|---|---|
| (a) | 2 | | 3 | **12** |
| | 3 | | 3 | |
| | 1 | | 3 | |
| | 4 | | 3 | |
| (b) | Aon fhreagra bailí, e.g. na sconnaí a chasadh as, sruthlú a laghdú | | | **3** |

| C4 | | | Marcanna | |
|---|---|---|---|---|
| (a) | 1 | | 1 | 3 |
| | 4 | | 1 | |
| | 4 | | 1 | |
| (b) | Líon cothrom de gach cineál adaimh ar an dá thaobh | | | 6 |
| (c) | Aon fhreagra bailí, e.g. níor foirmíodh aon substaint nua in athrú fisiceach | | | 6 |

| C5 | | | | Marcanna | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | Triúr | | | | 3 |
| (b) | Fulaingíonn an leanbh (i.e. 10) | | | | 3 |
| (c) | Saintréith | Tá faoi riail ghéiniteach | Níl sé faoi riail ghéiniteach | | |
| | Dath na súl | ✓ | | 3 | 6 |
| | Conas rothaíocht ar rothar | | ✓ | 3 | |
| (d) | Ocsaigin a iompar | | | | 3 |

| C6 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (a) | Oráiste meitile / litmeas / táscaire uilíoch etc. | **3** |
| (b) | Dearg / dearg / dearg, oráiste, buí [dath ceart – nasctha le (a)] | **3** |
| (c) | Seacht | **3** |
| (d) | Eisiteirmeach | **3** |
| (e) | An fad ingearach ceart taispeánta idir fuinneamh imoibreán agus uasfhuinneamh   | **3** |

| C7 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (a) | Stopuaireadóir / uaineadóir | **3** |
| (b) | 2.5 | **3** |
| (c) | Stoptha / luas nialas | **3** |
| (d) | Ó A go B: níl an líne chomh géar (fána níos lú) / fad níos lú in am níos mó<br><br>[glac leis an gcoinbhéarta ó C go D] | **3** |
| (e) | Chas sé ar ais / d'fhill sé | **3** |

| C8 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (a) | Aon ghníomhaíocht bhailí e.g. breoslaí iontaise a dhó (breosla iontaise ainmnithe) / dífhoraoisiú | **3** |
| (b) | Aon iarmhairt bhailí e.g. tuile / creimeadh / caillteanas gnáthóg | **3** |
| (c) | Aon oiriúint bhailí e.g. bán / saill faoin gcraiceann / fionnadh /<br>crúba leathana / crúcaí / fiacla | **3** |
| (d) | Laghdóidh sé | **3** |
| (e) | Reo | **3** |

| C9 | | | Marcanna | |
|---|---|---|---|---|
| (a) | **A** Béal | | 2 | **6** |
| | **B** Traicé | | 2 | |
| | **C** Scamhóg | | 2 | |
| (b) | • Crapann an scairt / Íslíonn an scairt<br>• Crapann na matáin idireasnacha / ardaíonn creat na n-easnacha<br>• Laghdaíonn an brú sna scamhóga<br>• Méadaíonn na scamhóga<br>• Tógtar aer isteach<br>• Taistealaíonn aer tríd an traicé<br>• Fágann ocsaigin na scamhóga / téann ocsaigin isteach san fhuil / malartú gáis<br>• Fágann dé-ocsaíd charbóin an fhuil / téann dé-ocsaíd charbóin isteach sna scamhóga / malartú gáis<br>[trí cinn ar bith]<br>[ná glac le malartú gáis ach uair amháin] | | 3 + 3 + 3 | **9** |

| C10 | | Marcanna | |
|---|---|---|---|
| (a) | Grianchóras | | **3** |
| (b) | Réaltra | | **3** |
| (c) | A | 3 | **9** |
| | B | 3 | |
| | Fáth: laghdú níos mó sa ghile / blocáiltear níos mó solais | 3 | |

**S26 Roinn B**

| C11 | | Marcanna | |
|---|---|---|---|
| (a) | Aon hipitéis bhailí | | **3** |
| (b) | An teocht ag a n-iompaíonn leacht ina ghal tríd síos | | **3** |
| (c) | Meá / scála | | **3** |
| (d) | Gabhdán | 3 | **9** |
| | Foinse teasa sa suíomh ceart | 3 | |
| | Teirmiméadar sa ghabhdán<br>(nó os a chionn)<br>[asbhain 3 phointe mura dtaispeántar lipéid] | 3 | |
| (e) | 105 | | **3** |
| (f) | Iontaofacht | | **3** |
| (g) | Tacaíonn / ní thacaíonn – nasctha le (a) | 3 | **6** |
| | Míniúchán bailí – nasctha le (a) | 3 | |


| C12 | | Marcanna | |
|---|---|---|---|
| (a) | Pointí breactha | 9×1 | **12** |
| | Líne cheart tarraingthe (do na pointí breactha) | 3 | |
| (b) | Méadaíonn an fhriotaíocht leis an méid braonta (nó tiúchan) | | **3** |
| (c) | Óiméadar | | **3** |
| (d) | Pípéad / buiréad / sorcóir grádaithe / steallaire / fleascán toirtmhéadrach | | **3** |
| (e) | Aon fheidhmiú bailí a ndéantar cur síos air | | **3** |
| (f) | Méadailín clé | 3 | **6** |
| | Dearg: ocsaigin(ithe) / gorm: dí-ocsaiginithe | 3 | |

| C13 | | Marcanna | |
|---|---|---|---|
| (a) | Miasniteoir | | **3** |
| (b) | Cineál fuinnimh úsáideach (don ghléas ainmnithe) [Féach ar an tábla thíos] | 3 | **12** |
| | Cineál fuinnimh gan iarraidh (don ghléas ainmnithe) [Féach ar an tábla thíos] | 3 | |
| | <u>Ríomh</u>: 230 | 3 | |
| | <u>Aonad</u>: V | 3 | |
| (c) | Tá cumhacht i gcomhréir le sruth | | **3** |
| (d) | Úsáid acmhainne ionas nach n-ídítear ar fad í | | **6** |
| (e) | Aon mholadh bailí, e.g. múchtar soilse | | **2** |
| (f) | Grian | 2 | **4** |
| | Gaoth | 2 | |

| Gléas | Cineál fuinnimh úsáideach | Cineál fuinnimh gan iarraidh |
|---|---|---|
| Déantóir caife | Teas | Fuaim |
| Teilifíseán | Solas / Fuaim | Teas |
| Cumascóir cistine | Cinéiteach | Teas / Fuaim |
| Miasniteoir | Teas / Cinéiteach | Fuaim |

| C14 | | Marcanna | |
|---|---|---|---|
| (a) | Gráinní / glasraí / aon bhia ina mbíonn neart snáithín | | **3** |
| (b) | Gan aigéid shailleacha a thabhairt do na lucha agus iad a chur faoi strus / Aigéid shailleacha a thabhairt do na lucha agus gan iad a chur faoi strus | | **6** |
| (c) | Leibhéil laghdaithe iompar a bhfuil cosúlacht an ghalair dhubhaigh air | | **3** |
| (d) | Aontaigh móide míniú / easaontaigh móide míniú<br>[féadfar aontú nó easaontú a thuiscint ón míniú] | | **3** |
| (e) | Aon toisc bhailí, e.g. truailliú | | **3** |
| (f) | Aon sampla bailí, e.g. bheith ina chúis le galar | | **3** |
| (g) | Gnéasach: baineann sé le gnéascheall (gaiméití) / beirt tuismitheoirí / éagsúlacht ghéiniteach / toirchiú<br>[glac lena mhalairt le haghaidh éighnéasach] | | **3** |
| (h) | • Sóchán géiniteach<br>• Éagsúlacht idir baill speiceas<br>• Rótháirgeadh<br>• Iomaíocht<br>• Bua na hoiriúnachta<br>• Géin thairbheacha tugtha don tsliocht<br>• Speiceas nua foirmithe / díothú<br>[trí cinn ar bith] | 2 + 2 + 2 | **6** |

| C15 | | Marcanna | |
|---|---|---|---|
| (a) | Nítrigin / ocsaigin / argón / neon | | **3** |
| (b) | Infhaighteacht faoi bhagairt | | **3** |
| (c) | Athchúrsáil / ná huasghrádaigh chomh minic / deisigh / díol seanghutháin | | **3** |
| (d) | Tá an (dath) céanna ar cháithníní (nó adaimh) | | **3** |
| (e) | Alúmanam<br>Cáithníní (nó adaimh) pacáilte / cáithníní (nó adaimh) gar dá chéile | 3<br>3 | **6** |
| (f) | Alúmanam i ngrúpa 3 (nó 13)<br>Clóirín i ngrúpa 7 (nó 17)<br>Is ionann Al:Cl agus 1:3 [bronn 9 marc as an gcóimheas ceart gan foirmle]<br>$AlCl_3$ [bronn 12 mharc as an bhfoirmle cheart] | 3<br>3<br>3<br>3 | **12** |
| (g)i | 1<br><u>Fírinnigh</u>: seoltóir leictreachais | 3<br>3 | **6** |
| (g)ii | 2<br><u>Fírinnigh</u>: leáphointe faoi theocht an tseomra (20 °C)<br>fiuchphointe os cionn teocht an tseomra (20 °C) | 3<br>3<br>3 | **9** |

| C16 | | Marcanna | |
|---|---|---|---|
| (a) | Gealach chiorclach   | 3 | 9 |
| | Níos gaire don Domhan ná an Ghrian | 3 | |
| | Fithis tugtha le fios timpeall an Domhain | 3 | |
| (b) | An chéad íomhá (íomhá ar chlé)  | 3 | 6 |
| | An chuid dheis den ghealach scáthaithe | 3 | |
| (c) | Casann an Ghealach (ar a hais) | 3 | 6 |
| | ag an ráta céanna (ag an am céanna) a ghlacann sé dul timpeall ar an Domhan | 3 | |
| (d) | Carraig ag dul timpeall ar an nGrian / carraig sa spás | | **3** |
| (e)i | <u>Déan cur síos</u>: teocht méadaithe agus laghdaithe | 3 | 6 |
| | Mínigh:<br>méadaithe i solas na gréine / laghdaithe nuair nach bhfuil siad i solas na gréine | 3 | |
| (e)ii | <u>Déan cur síos</u>: an doimhneacht níos mó, an t-athrú níos lú sa teocht | 3 | 6 |
| | Mínigh: míreanna ag doimhneacht nár nochtadh do theochtaí móra | 3 | |
| (f) | C | 3 | 6 |
| | Tá meáchan níos lú ag mír (den mhais chéanna) ar Véineas ná mar atá ar Domhan | 3 | |
| (g) | Tá an fórsa imtharraingthe níos mó ar Domhan ná atá ar an nGealach [glac lena mhalairt] | | **3** |

**Tasc Measúnachta**

| TM C1 | | Marcanna | |
|---|---|---|---|
| (a) | Ráiteas ar cheist taighde bhailí. | | **3** |
| (b) | Fírinniú nó cúis tugtha don rogha. | | **3** |
| (c) | Dhá leabhar, dhá shuíomh gréasáin, beirt daoine etc. bailí ar bith | 2+2 | **4** |

| TM C2 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (a) | Ráiteas ar eolas eolaíochta ábhartha. | **5** |
| (b) | Ráiteas le míniú.<br>[bronn 2 mharc le haghaidh ráitis gan mhíniú] | **5** |

| TM C3 | | Marcanna | |
|---|---|---|---|
| (a) | Ainm na hacmhainne.<br>Míniú le hiontaofacht nó easpa claonta | 2<br>3 | **5** |
| (b) | Ainm na hacmhainne.<br>Míniú gan iontaofacht nó le claonadh. | 2<br>3 | **5** |

| TM C4 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (a) | Ráiteas le míniú.<br>[bronn 2 mharc le haghaidh ráitis gan mhíniú] | **5** |
| (b) | Ráiteas le míniú.<br>[bronn 2 mharc le haghaidh ráitis gan mhíniú] | **5** |

**<u>Nótaí maidir leis an Scéim Mharcála don Tasc Measúnachta</u>**

1. **D'fhéadfadh na hacmhainní a luadh mar chuid de fhreagra a bheith luaite i bhfreagraí roimhe seo.**
2. **D'fhéadfadh míniú ráiteas a thabhairt le fios.**